# CINNEADH (AE) 2024/3146 ÓN gCOMHAIRLE

## an 10 Nollaig 2024

## lena gceaptar comhalta den Chúirt Iniúchóirí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 286(2) de,

Ag féachaint don togra ó Phoblacht na Bulgáire,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá post mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí, a cheaptar ar thogra ó Phoblacht na Bulgáire, folamh ó bhí an 19 Meán Fómhair 2023 ann. Tá téarma oifige an chomhalta sin le dul in éag an 31 Nollaig 2024.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, comhalta a cheapadh ar an gCúirt Iniúchóirí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Iliana Naydenova IVANOVA ina comhalta den Chúirt Iniúchóirí don tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2030.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

VARGA M.

[1] Tuairimí an 26 Samhain 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).